# Story 6
## – Irish version

Tá Babaí Béar ag dul chuig an naíscoil – a chéad lá!

Tá geata mór ann, tá doras mór ann, agus Béar Mór mar mhúinteoir ann agus tá eagla mhór ag teacht ar Bhabaí Béar.

"Anois," arsa Múinteoir Béar. "Cé atá ag dul ar scoil inniu?" Agus deir Babaí Béar ……. …….. "Tá Mamaí Béar ag dul ar scoil!" agus …. brúnn sé Mamaí isteach ar an doras, ritheann sé amach agus druideann sé an doras ina dhiaidh!!!!

Beaing!

"Cá'l Babaí Béar?" arsa Múinteoir Béar.

Ansin feiceann siad ainmhí beag ag bogadh sa halla beag.

"An tusa Babaí Béar?" arsa Múinteoir Béar leis an ainmhí? Ansin deir an t-ainmhí beag, "Is bó mise– bó bheag!"

Díreach ansin deir na páistí.
"A haon, a dó, muc is bó!"
Gobann Babaí Béar a cheann amach anois!
Agus deir Babaí Béar .."a trí, a ceathair, bróga leathair.
A seacht, a hocht, seanbhean bhocht; a naoi, a deich, pingin go leith!"

"Tar isteach!" arsa na páistí uilig agus isteach sa naíscoil le Babaí Béar! Tá sé iontach sásta!

Tá Mamaí Béar iontach sásta fosta agus abhaile léi! Tosaíonn Babaí Béar a phéinteáil.

"Is bó iontach cliste thú!" arsa Múinteoir Béar. "Is capall anois mé," arsa Babaí Béar agus ritheann sé thart agus leagann sé an t-uisce ar an urlár!!

"Ó," arsa Múinteoir Béar. "Bí cúramach sa naíscoil!" "Tá sé maith go leor," arsa Babaí Béar! "Is maith le capall uisce a ól!"

"Fan bomaite!" arsa Múinteoir Béar. "Bí cúramach ar an urlár fliuch sin. Bí cúramach nach dtit……..á á á á eann tú!"



Sleamhnaíonn Múinteoir Béar ar an urlár ach ní
thiteann sí!

Déanann na páistí gáire agus ansin cuidíonn siad uilig leis an urlár a ghlanadh.

Anois - am dul abhaile atá ann agus tagann Mamaí Béar fá choinne Bhabaí Béar. "Ach cá'l sé?" arsa Mamaí Béar.

Tá sé i bhfolach arís!

"Is bó mé agus níl mé ag dul abhaile," arsa Babaí Béar. "Is breá liom an naíscoil!!"

"Is maith sin," arsa Múinteoir Béar. "Ar mhaith leat teacht ar ais amárach??" "Ó Ba mhaith!" arsa Babaí Béar.

Deir Babaí Béar go ciúin le Mamaí Béar –"Is surfálaí iontach maith í an múinteoir!!"



# Story 6
## – English version

Baby bear is going to the naíscoil – his first day!
There's a big gate, and a big door, and a big bear teacher – and Baby Bear is scared.

"Now" says teacher Béar, "who is going to school today?" Baby bear says "Mammy bear," and he pushes Mammy in the door, runs out and closes the door behind him. Bang!

"Where is Baby bear?" asks Teacher bear.

Then they see the little animal hiding in the hall.
"Are you Baby bear?," asks Teacher bear.
The animal says – "I am a cow, a little cow."

Then the children say
"1, 2, pig and cow!"
Baby bear sticks his head out!
Baby bear ..says "3, 4, leather shoes."

"5, 6 – a cup of tea"
"7,8, a poor old woman, 9, 10, a halfpenny."

"Come on in," say the children to baby bear, and he does and he is very happy.
Mammy is happy too and she goes home.
Baby bear starts painting.
"You are a clever cow!" says teacher.

"Now I'm a horse," says Baby bear, and he runs around and spills some water on the floor!
"Óh," says teacher, "be careful in the naíscoil!"
"It's ok", says Baby bear! "Horses like drinking water!"

"Wait!" says Teacher.
"Be careful on that wet floor, watch out you don't faaaaaaa..lllll"

Teacher slides on the floor, but she doesn't fall.
The children laugh and then they help to clean the floor.

Now it is time to go home – Mammy bear



comes to get baby bear – "but where is he?" Asks Mamy bear?

He is hiding again!

"I'm a cow and I'm not going home" says Baby bear. "I love the naíscoil!!"

"That's good," says teacher ." Would you like to come back tomorrow?"
"Oh, I would!" says Baby bear.

Baby bear says quietly to Mammy bear – "That teacher is a very good surfer!!"

